C/2025/3979

20.8.2025

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

an 8 Iúil 2025

maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na Gearmáine

(C/2025/3979)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 121(2) agus Airteagal 148(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle [1], agus go háirithe Airteagal 3(3) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú [2], agus go háirithe Airteagal 6(1) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do na rúin ó Pharlaimint na hEorpa,

Ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Fostaíochta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chosaint Shóisialta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Beartas Eacnamaíoch,

De bharr an mhéid seo a leanas:

Breithnithe ginearálta

(1) Le Rialachán (AE) 2024/1263, a tháinig i bhfeidhm an 30 Aibreán 2024, sonraítear cuspóirí an chreata rialachais eacnamaíoch, creat a bhfuil sé d'aidhm aige airgeadas poiblí inbhuanaithe fónta agus fás cuimsitheach inbhuanaithe agus athléimneacht a chur chun cinn trí athchóirithe agus infheistíochtaí, agus easnaimh iomarcacha rialtais a chosc. Sonraítear sa Rialachán go ndéanfaidh an Chomhairle agus an Coimisiún faireachas iltaobhach i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh i gcomhréir leis na cuspóirí agus na ceanglais a leagtar amach in CFAE. Áirítear sa Seimeastar Eorpach, go háirithe, foirmliú na moltaí tírshonracha agus faireachas ar chur chun feidhme na moltaí sin. Leis an Rialachán, cuirtear úinéireacht náisiúnta i leith an bheartais fhioscaigh chun cinn, agus béim á leagan ar an bhfócas meántéarmach a bhaineann leis an mbeartas céanna, agus i dteannta leis sin cuirtear forfheidhmiú níos éifeachtaí agus níos comhleanúnaí chun cinn chomh maith. Ní mór do gach Ballstát plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta a chur faoi bhráid na Comhairle agus an Choimisiúin, plean ina mbeidh a chuid gealltanas fioscach, athchóiriúcháin agus infheistíochta, thar thréimhse 4 nó 5 bliana, de réir fhad an téarma reachtaigh náisiúnta. Ní mór an chonair ghlanchaiteachais [3] sna pleananna sin ceanglais an Rialacháin a chomhlíonadh, lena n-áirítear na ceanglais ollfhiachas rialtais a chur nó a choimeád ar chonair inchreidte anuas faoi dheireadh na tréimhse coigeartúcháin, nó go bhfanfaidh sé ar leibhéil stuama faoi bhun 60 % den olltáirgeacht intíre (OTI), agus an t-easnamh rialtais ghinearálta a thabhairt agus/nó a choimeád faoi bhun luach tagartha an Chonartha, is é sin 3 % de OTI, sa mheántéarma. I gcás ina dtugann Ballstát gealltanas i leith sraith ábhartha d'athchóirithe agus infheistíochtaí i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach sa Rialachán, féadtar síneadh suas le 3 bliana a chur leis an tréimhse choigeartúcháin. Ceanglaíodh ar na Ballstáit a bpleananna fioscacha-struchtúracha meántéarmacha náisiúnta a chur isteach faoin 20 Meán Fómhair 2024, murar chomhaontaigh siad leis an gCoimisiún síneadh ama réasúnta a chur leis an sprioc-am. Thug an Coimisiún an deis don Ghearmáin plean a thíolacadh bunaithe ar ghealltanas láidir polaitiúil, chomhaontaigh sé moill a chur ar thíolacadh an phlean, agus tá coinne aige leis go dtíolacfaidh an Ghearmáin plean meántéarmach roimh dheireadh mhí Iúil 2025.

[1] IO L, 2024/1263, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj.
[2] IO L 306, 23.11.2011, lch. 25, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2011/1176/oj.
[3] Glanchaiteachas mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (2) de Rialachán (AE) 2024/1263: ciallaíonn 'glanchaiteachas' caiteachas rialtais atá glan ar na rudaí seo a leanas: (i) caiteachas úis; (ii) bearta lánroghnacha ioncaim; (iii) caiteachas ar chláir an Aontais arna meaitseáil go hiomlán le hioncam ó chistí an Aontais; (iv) caiteachas náisiúnta ar chómhaoiniú clár arna gcistiú ag an Aontas; (v) gnéithe timthriallacha den chaiteachas ar shochar dífhostaíochta; agus (vi) bearta aonuaire agus bearta sealadacha eile.

(2) Tháinig Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), lenar bunaíodh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ('an tSaoráid'), i bhfeidhm an 19 Feabhra 2021. Leis an tSaoráid cuirtear tacaíocht airgeadais ar fáil do na Ballstáit chun athchóirithe agus infheistíochtaí a chur chun feidhme, agus soláthraítear spreagadh airgeadais atá maoinithe ag an Aontas. I gcomhréir le tosaíochtaí an tSeimeastair Eorpaigh um chomhordú an bheartais eacnamaíoch, déanann an tSaoráid an téarnamh eacnamaíoch agus sóisialta a chothú, agus spreagann sí athchóirithe agus infheistíochtaí inbhuanaithe an tráth céanna, go háirithe athchóirithe agus infheistíochtaí trína gcuirtear an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach chun cinn agus trína gcuirtear le hathléimneacht gheilleagair na mBallstát. Cuidíonn sí freisin ó thaobh an t-airgeadas poiblí a neartú agus borradh a chur faoin bhfás agus faoi chruthú post sa mheántéarma agus san fhadtéarma, ó thaobh an comhtháthú críochach a fheabhsú laistigh den Aontas agus ó thaobh tacú le cur chun feidhme leanúnach Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta.

(3) Is é is aidhm do Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]) ('Rialachán REPowerEU'), a glacadh an 27 Feabhra 2023, deireadh a chur, de réir a chéile, le spleáchas an Aontais ar allmhairí breosla iontaise ón Rúis. Cuidíonn sé sin ó thaobh slándáil fuinnimh a bhaint amach agus ó thaobh soláthar fuinnimh an Aontais a éagsúlú, agus an tráth céanna, cuireann sé le glacadh foinsí in-athnuaite fuinnimh, le hacmhainneachtaí stórála agus le héifeachtúlacht fuinnimh. Chuir an Ghearmáin caibidil nua REPowerEU lena plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta chun go maoineofar athchóirithe agus infheistíochtaí tábhachtacha a chuideoidh ó thaobh cuspóirí REPowerEU a bhaint amach.

(4) An 28 Aibreán 2021, chuir an Ghearmáin a plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta faoi bhráid an Choimisiúin, i gcomhréir le hAirteagal 18(1) de Rialachán (AE) 2021/241. De bhun Airteagal 19 den Rialachán sin, rinne an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta, i gcomhréir leis na treoirlínte measúnaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn V. An 13 Iúil 2021, ghlac an Chomhairle a Cinneadh Cur Chun Feidhme lena bhformheastar an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gearmáine ([6]) a leasaíodh de réir Airteagal 18(2) an 8 Nollaig 2023 chun an ranníocaíocht uasta airgeadais le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha a thabhairt cothrom le dáta, agus an 9 Iúil 2024 chun an chaibidil REPowerEU a chur san áireamh ([7]). Chun go scaoilfear na tráthchodanna, caithfidh cinneadh a bheith glactha ag an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 24(5), ina sonraítear go bhfuil na clocha míle agus na spriocanna ábhartha a leagtar amach sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle bainte amach go sásúil ag an nGearmáin. Ní féidir gnóthú sásúil a bheith i gceist ach sa chás nach ndeachthas siar ar ghnóthú na gcloch míle agus na spriocanna roimhe sin maidir leis an athchóiriú céanna nó an infheistíocht chéanna.

(5) An 26 Samhain 2024, ghlac an Coimisiún tuairim maidir le dréachtphlean buiséadach na Gearmáine 2025. An dáta céanna, ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, ghlac an Coimisiún Tuarascáil 2025 maidir leis an Sásra Foláirimh, tuarascáil inar shainaithin go bhfuil an Ghearmáin ar cheann de na Ballstáit a mbeadh grinn-athbhreithniú ag teastáil ina leith. Ghlac an Coimisiún moladh freisin le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro, agus togra le haghaidh Thuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2025, ina ndéantar anailís ar chur chun feidhme na dTreoirlínte Fostaíochta agus ar phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Ghlac an Chomhairle an Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro ([8]) an 13 Bealtaine 2025 agus an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht an 10 Márta 2025.

(6) An 29 Eanáir 2025 d'fhoilsigh an Coimisiún an Compás Iomaíochais, creat straitéiseach arb é is aidhm dó borradh a chur faoi iomaíochas domhanda an Aontais sna 5 bliana amach romhainn. Sainaithnítear ann na trí riachtanas chlaochlaitheacha a bhaineann le fás eacnamaíoch inbhuanaithe: (i) an nuálaíocht; (ii) an dícharbónú agus an t-iomaíochas; agus (iii) an tslándáil. Chun an bhearna nuálaíochta a dhúnadh, tá sé d'aidhm ag an Aontas nuálaíocht thionsclaíoch a chothú, tacú le fás gnólachtaí nuathionscanta trí thionscnaimh amhail an Straitéis AE um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus Gnólachtaí atá ag Méadú, agus glacadh ardteicneolaíochtaí a chur chun cinn, an intleacht shaorga agus an ríomhaireacht chandamach, cuir i gcás. Ar mhaithe le geilleagar níos glaise a bhaint amach, tá Plean Gníomhaíochta cuimsitheach um Fhuinneamh Inacmhainne agus Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan leagtha amach ag an gCoimisiún, rud a áiritheoidh go mbeidh an t-aistriú chuig fuinneamh glan costéifeachtach agus

([4]) Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj).

([5]) Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Feabhra 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/241 a mhéid a bhaineann le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) 2021/1060 agus (AE) 2021/1755 agus Treoir 2003/87/CE (IO L 63, 28.2.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/435/oj).

([6]) Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gearmáine (10158/2021).

([7]) Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 9 Iúil 2024 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir leis an measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Ghearmáin a fhormheas (11674/2024).

([8]) Moladh ón gComhairle an 13 Bealtaine 2025 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro (IO C, C/2025/2782, 22.5.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/2782/oj).

fabhrach don iomaíochas i gcónaí, go háirithe i gcás earnálacha dianfhuinnimh, agus ina spreagadh don fhás. Chun spleáchais iomarcacha a laghdú agus an tslándáil a mhéadú, tá an tAontas tiomanta do chomhpháirtíochtaí trádála domhanda a neartú, do shlabhraí soláthair a éagsúlú agus do rochtain ar amhábhair chriticiúla agus ar fhoinsí fuinnimh glana a áirithiú. Is iad na cumasóirí cothrománacha seo a leanas atá ina mbonn taca ag na tosaíochtaí sin — simpliú rialála, doimhniú an mhargaidh aonair, maoiniú iomaíochais agus Aontais Coigiltis agus Infheistíochta, cur chun cinn scileanna agus poist ardcháilíochta, agus comhordú níos fearr ar bheartais an Aontais. Tá an Compás Iomaíochais ailínithe leis an Seimeastar Eorpach, rud a áirithíonn go bhfuil beartais eacnamaíocha na mBallstát comhsheasmhach le cuspóirí straitéiseacha an Choimisiúin, ionas go bhfuil cur chuige aontaithe ann maidir le rialachas eacnamaíoch lena gcothaítear fás inbhuanaithe, nuálaíocht agus athléimneacht ar fud an Aontais.

(7) In 2025, beidh an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch ag forbairt leis de réir mar a bheidh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta á cur chun feidhme. Tá cur chun feidhme iomlán na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta fós riachtanach chun go mbainfear amach na tosaíochtaí beartais atá ann faoin Seimeastar Eorpach, ós rud é go gcuidíonn na pleananna ó thaobh aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha a eisíodh le blianta beaga anuas, nó ar sciar suntasach de na dúshláin sin. Tá na moltaí tírshonracha sin fós chomh hábhartha céanna maidir leis an measúnú ar phleananna téarnaimh agus athléimneachta leasaithe i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241.

(8) Na príomhdhúshláin beartais eacnamaíoch nach dtugtar aghaidh orthu go leordhóthanach leis na bearta atá sna pleananna téarnaimh agus athléimneachta, cumhdaíonn moltaí tírshonracha 2025 iad, agus na dúshláin ábhartha a sainaithníodh i moltaí tírshonracha 2019-2024 á gcur san áireamh.

(9) An 4 Meitheamh 2025, d'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil tíre 2025 maidir leis an nGearmáin. Rinneadh measúnú sa tuarascáil sin ar an dul chun cinn atá déanta ag an nGearmáin ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha ábhartha agus rinneadh cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gearmáine a mheas. I bhfianaise na hanailíse sin, sainaithníodh sa tuarascáil tíre na dúshláin is práinní atá le sárú ag an nGearmáin. Rinneadh measúnú inti freisin ar dhul chun cinn na Gearmáine ó thaobh Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus ó thaobh príomhspriocanna 2030 an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna agus laghdú an eisiata shóisialta agus na bochtaineachta a bhaint amach, mar aon leis an dul chun cinn ó thaobh Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

(10) Rinne an Coimisiún grinn-athbhreithniú maidir leis an nGearmáin faoi Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011. An 13 Bealtaine 2025, foilsíodh príomhthorthaí an mheasúnaithe a rinne an Coimisiún chun críoch an Rialacháin sin ar leochaileachtaí maicreacnamaíocha i gcás na Gearmáine ([9]). An 4 Meitheamh 2025, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach bhfuil míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha ag an nGearmáin a thuilleadh. Go háirithe, tá laghdú tagtha thar na blianta ar leochaileachtaí a bhaineann leis an mbarrachas mór sa chuntas reatha, a raibh ábharthacht trasteorann ag baint leis, agus fógraíodh dul chun cinn suntasach maidir le beartais le déanaí. Tháinig barrachas an chuntais reatha faoi bhun 6 % de OTI le blianta beaga anuas, tar éis lag trá in 2022 mar gheall ar phraghsanna fuinnimh thar a bheith ard. Léiríonn laghdú an chuntais reatha cúlra seachtrach díobhálach den chuid is mó, cé nach bhfuil athrú bunúsach tagtha ar na leochaileachtaí bunúsacha foriomlána i dtéarmaí bearna shuntasach infheistíochta-coigiltis. Tá méadú tagtha ar riachtanais infheistíochta thar na blianta, a bhaineann go príomha le hinfheistíocht phoiblí ar an leibhéal réigiúnach agus le hinfheistíocht chorparáideach, cé go bhfuil laghdú tagtha ar an infheistíocht iarbhír i dtéarmaí réadacha le blianta beaga anuas. In éineacht le dúshláin struchtúracha eile, chuir infheistíocht phoiblí agus phríobháideach íseal ceann de na rannchuidithe is ísle le fás ionchasach OTI san Aontas ar fáil. Shroich fíorphá an leibhéal a bhí ann roimh an bpaindéim le linn 2024 a bhuí le méaduithe measartha ar phá ainmniúil. Mar sin féin, rinneadh fógraí suntasacha beartais go luath i mí an Mhárta 2025, tar éis na dtoghchán parlaiminteach, lena n-áirítear an t-athbhreithniú ar an gcreat buiséadach Bunreachtúil. Is céim mhór chun cinn é an pacáiste beartais sin agus cuireann sé dlús soiléir leis na patrúin a bhí ann le déanaí, rud a fhágfaidh, má chuirtear chun feidhme é, go mbeidh caiteachas cosanta agus infheistíocht i mbonneagar i bhfad níos airde mar thoradh air.

Measúnú ar an Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn

(11) An 25 Aibreán 2025, chuir an Ghearmáin a Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn ([10]) isteach maidir le sonraí agus réamh-mheastacháin olltoraidh fhioscacha ábhartha agus maidir le cur chun feidhme athchóirithe agus infheistíochtaí lena bhfreagraítear do na príomhdhúshláin a sainaithníodh i moltaí tírshonracha an tSeimeastair Eorpaigh. An Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn, is léiriú freisin í ar thuairisciú débhliantúil na Gearmáine i ndáil leis an dul chun cinn atá déanta maidir lena plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach i gcomhréir le hAirteagal 27 de Rialachán (AE) 2021/241.

([9]) Doiciméad Inmheánach Oibre (2025) 69 final.
([10]) Tá Tuarascálacha Bliantúla 2025 ar Dhul Chun Cinn ar fáil ar: https://economy-finance.ec.europa.eu/economic-and-fiscal-governance/stability-and-growth-pact/preventive-arm/annual-progress-reports_en?prefLang=ga.

(12) Is dúshlán eiseach don Aontas Eorpach é an cogadh foghach atá an Rúis a chur ar an Úcráin agus a iarmhairtí. Mhol an Coimisiún clásal éalaithe náisiúnta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis a ghníomhachtú ar bhealach comhordaithe chun tacú le hiarrachtaí an Aontais méadú tapa suntasach ar chaiteachas cosanta a bhaint amach agus ba dhíol sásaimh do Chomhairle Eorpach an 6 Márta 2025 an togra sin. Tar éis iarraidh a fháil ón nGearmáin, an 24 Aibreán 2025, d'fhéadfadh an Chomhairle, ar mholadh ón gCoimisiún, moladh a ghlacadh lena gceadófaí don Ghearmáin imeacht ó uasrátaí fáis an ghlanchaiteachais, agus iad a shárú, a luaithe a bheidh siad socraithe ag an gComhairle tar éis moladh a fháil ón gCoimisiún.

(13) Ar bhonn sonraí atá fíoraithe ag Eurostat ([11]), tháinig méadú ar easnamh rialtais ghinearálta na Gearmáine ó 2,5 % de OTI in 2023 go 2,8 % in 2024, agus tháinig laghdú ar an bhfiachas rialtais ghinearálta ó 62,9 % de OTI ag deireadh 2023 go 62,5 % ag deireadh 2024. De réir ríomhanna an Choimisiúin, comhfhreagraíonn na forbairtí sin do ráta fáis glanchaiteachais 4,0 % in 2024. Sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn maidir le 2025, measann an Ghearmáin gurb é 3,8 % an fás glanchaiteachais in 2024. Ar bhonn mheastacháin an Choimisiúin, maidir leis an staid fhioscach ([12]), lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú go náisiúnta agus caiteachas arna mhaoiniú ag an Aontas araon, bhí sí neodrach in 2024.

(14) De réir na Tuarascála Bliantúla ar Dhul Chun Cinn, sa chás maicreacnamaíoch atá mar bhonn taca le réamh-mheastacháin bhuiséadacha na Gearmáine, tá coinne le fás fíor-OTI 0,3 % in 2025, agus réamh-mheastar go mbeidh boilsciú arna thomhas le díbhoilsceoir OTI ([13]) 2,1 % ann in 2025. Réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún go leanfaidh an fíor-OTI de bheith neodrach ag 0 % in 2025 agus go bhfásfaidh sé 1,1 % in 2026, agus go mbeidh boilsciú ICPT 2,4 % ann in 2025 agus 1,9 % in 2026.

(15) Sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn, meastar go dtiocfaidh laghdú ar an easnamh rialtais ghinearálta go 2½ % de OTI in 2025, agus tá an cóimheas fiachais rialtais ghinearálta–OTI le méadú 62¾ % faoi dheireadh 2025. Comhfhreagraíonn na forbairtí sin d'fhás glanchaiteachais 2½ % in 2025. Réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún go mbeidh easnamh rialtais ghinearálta 2,7 % de OTI ann in 2025. De réir ríomhanna an Choimisiúin, comhfhreagraíonn na forbairtí sin d'fhás glanchaiteachais 2,1 % in 2025. Tá difríocht idir comhardú ginearálta an rialtais a réamh-mheas an Coimisiún agus an Ghearmáin i ngeall ar uimhreacha ioncaim fhioscaigh atá beagán níos éadócha sa réamhaisnéis ón gCoimisiún. Ar bhonn mheastacháin an Choimisiúin, maidir leis an staid fhioscach, lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú go náisiúnta agus caiteachas arna mhaoiniú ag an Aontas araon, réamh-mheastar go mbeidh staid fhioscach chrapthach ann in 2025, mar atá 0,4 % de OTI. Meastar go dtiocfaidh méadú go 63,8 % ar an gcóimheas fiachais rialtais ghinearálta-OTI faoi dheireadh 2025. Den chuid is mó, léiríonn an méadú ar an gcóimheas fiachais-OTI in 2025 fás ainmniúil OTI.

(16) Meastar go maoineofar caiteachas rialtais ghinearálta 0,1 % de OTI le tacaíocht neamh-inaisíoctha ('deontais') ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta in 2025, i gcomparáid le 0,1 % de OTI in 2024, de réir Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún. Le caiteachas a mhaoinítear le tacaíocht neamh-inaisíoctha ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, beifear in ann infheistíocht ardcháilíochta agus athchóirithe lena gcuirfear leis an táirgiúlacht a dhéanamh gan tionchar díreach a imirt ar chomhardú rialtais ghinearálta agus fiachas na Gearmáine.

(17) Is éard a bhí i gcaiteachas cosanta an rialtais ghinearálta sa Ghearmáin 1,0 % de OTI in 2021, 1,0 % de OTI in 2022 agus 1,1 % de OTI in 2023 ([14]). De réir Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go mbeidh an caiteachas cosanta ag 1,3 % de OTI in 2024 agus 2025. Comhfhreagraíonn sé sin do mhéadú 0,3 pointe céatadáin de OTI i gcomparáid le 2021. Le linn na tréimhse ina ngníomhachtófar an clásal éalaithe náisiúnta (2025-2028), bheadh an Ghearmáin in ann tosaíocht a thabhairt an athuair do chaiteachas rialtais nó ioncam rialtais a mhéadú ionas nach gcuirfí an inbhuanaitheacht fhioscach i mbaol sa mheántéarma i ngeall ar chaiteachas cosanta atá níos airde go marthanach.

(18) Ní áirítear réamh-mheastacháin bhuiséadacha tar éis 2025 sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn maidir le 2025. Ar bhonn bearta beartais atá aitheanta ag scoithdháta na réamhaisnéise, réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún easnamh rialtais 2,9 % de OTI in 2026. Léiríonn an méadú ar an easnamh in 2026 fás ioncaim atá ag laghdú de bharr fás pá níos ísle agus fás caiteachais ardaithe. Comhfhreagraíonn na forbairtí sin d'fhás glanchaiteachais 3,2 % in 2026. I gcás na Gearmáine, ní féidir measúnú iomlán a dhéanamh ar chomhlíonadh go

([11]) Táscairí Eurostat-Euro, 22.4.2025.

([12]) Sainmhínítear an staid fhioscach mar thomhas ar an athrú bliantúil ar riocht buiséadach foluiteach an rialtais ghinearálta. Is é is aidhm dó measúnú a dhéanamh ar an spreagadh eacnamaíoch a eascraíonn as beartais fhioscacha, idir na cinn sin a mhaoinítear go náisiúnta agus na cinn a mhaoinítear le buiséad an Aontais. Déantar an staid fhioscach a thomhas mar an difríocht idir (i) an fás féideartha meántéarmach agus (ii) an t-athrú ar chaiteachas príomhúil glan ar bhearta ioncaim lánroghnacha agus lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú le tacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus le cistí eile an Aontais.

([13]) Boilsciú arna thomhas leis an Innéacs Comhchuibhithe Praghsanna do Thomhaltóirí (ICPT), ní dhéantar é a thuairisciú sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn.

([14]) Eurostat, caiteachas rialtais de réir aicmiú fheidhmeanna an rialtais (COFOG). De bharr difríochtaí modheolaíochta idir sainmhínithe COFOG agus ECAT, d'fhéadfadh sé gurbh éagsúil an caiteachas atá bunaithe ar shainmhíniú COFOG leis an gcaiteachas atá bunaithe ar shainmhíniú ECAT.

fóill in éagmais plean meántéarmach. Ar bhonn mheastacháin an Choimisiúin, maidir leis an staid fhioscach, lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú go náisiúnta agus caiteachas arna mhaoiniú ag an Aontas araon, réamh-mheastar go mbeidh staid fhioscach fhorleathnaitheach ann in 2026, mar atá 0,2 % de OTI. Is é réamh-mheastachán an Choimisiúin go dtiocfaidh méadú go 64,7 % ar an gcóimheas fiachais rialtais ghinearálta–OTI faoi dheireadh 2026. Den chuid is mó, léiríonn an méadú ar an gcóimheas fiachais-OTI in 2026 fás ioncaim meathlaitheach.

Príomhdhúshláin bheartais

(19) D'ainneoin méadú beag ar an infheistíocht phoiblí mar sciar de OTI le blianta beaga anuas, leanann sé de bheith faoi bhun na riachtanas infheistíochta iarbhír. Rinne an Ghearmáin a nósanna imeachta pleanála agus formheasa a chuíchóiriú maidir le fuinneamh in-athnuaite, leathnú eangaí agus bonneagar iompair ach tá scrogaill bhreise fós ann agus tá gá le bearta breise. Mar thoradh ar fhiche bliain d'infheistíocht phoiblí íseal, tá laghdú suntasach tagtha ar acmhainneachtaí pleanála in earnálacha ríthábhachtacha, cuir i gcás earnáil na tógála. D'fhéadfadh castacht na struchtúr feidearálach agus freagrachtaí ilroinnte bac a chur ar chur chun feidhme tráthúil agus éifeachtúil tionscadal. I ngeall ar easpa pleanála soiléire, treorach straitéisí agus spriocanna sainithe, cuireadh srian ar shreabhadh na hinfheistíochta sa bhonneagar roimhe seo. Féadfaidh comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí cuidiú le saineolas agus maoiniú earnála príobháidí a shlógadh agus soláthar seirbhísí poiblí a fheabhsú an tráth céanna. D'fhéadfadh an ciste nua bonneagair cabhrú chun an t-easnamh san infheistíocht phoiblí a mhaolú.

(20) Tá an t-aosú déimeagrafach agus ganntanais lucht saothair ag cur brú ar an gcóimheas cleithiúnais seanaoise, ar inbhuanaitheacht chóras na bpinsean agus ar leordhóthanacht pinsean. Mar thoradh air sin, tá coinne leis go dtiocfaidh méadú ar an gcaiteachas foriomlán ar phinsin. Le blianta beaga anuas, bhí aistrithe ón mbuiséad feidearálach chuig córas na bpinsean go comhsheasmhach os cionn EUR 100 billiún (thart ar 25 % de chaiteachas an rialtais fheidearálaigh), rud a fhágann gur lú an deis atá ann le haghaidh caiteachas níos táirgiúla. Ina theannta sin, tá iarrachtaí chun colún pinsean na hearnála príobháidí a fhorbairt a thuilleadh taobh thiar den sceideal agus cuireann siad teorainn leis an scóip chun coigilteas a dhíriú ar réitigh maoiniúcháin fhadtéarmacha a d'fhéadfadh a bheith ann don gheilleagar.

(21) I measc na mbeart eile a d'fhéadfadh feabhas a chur ar inbhuanaitheacht chóras na bpinsean tá na dreasachtaí le dul ar luathscoir a laghdú, innéacsú pinsean a choigeartú agus uasteorainneacha ranníocaíochta a athbhreithniú. D'fhéadfadh na bearta sin cabhrú freisin le srian a chur leis an ngá atá le haistrithe buiséid agus méaduithe ar ranníocaíochtaí slándála sóisialta. Is féidir éifeachtúlacht fhoriomlán an chaiteachais phoiblí a fheabhsú freisin, mar shampla trí thuilleadh athbhreithnithe caiteachais a dhéanamh agus trí fhóirdheontais neamhriachtanacha a chéimniú amach nó a ionadú.

(22) Is príomhluamhán é meascán cánach barrmhaith le haghaidh fás níos cuimsithí agus níos inbhuanaithe chomh maith le hiomaíochas níos láidre. Is ar oibrithe sa Ghearmáin atá an dara ding chánach is airde san Aontas (cánachas ar thuilleamh ó shaothar). Le cánacha arda in éineacht le rialacha diana sochair (cuir i gcás sochair laghdaithe mar mhéaduithe ioncaim), laghdaítear na dreasachtaí chun líon na n-uaireanta an chloig a oibrítear a mhéadú, go háirithe i gcás daoine ar phá íseal agus an dara duine sa teaghlach atá ag tuilleamh. Is minic gur mná iad sin, mar a léirítear leis an sciar an-ard de mhná atá ag obair go páirtaimseartha. Tá ceann de na rátaí cánach ioncaim corparáide is airde san Aontas sa Ghearmáin freisin, lena n-áirítear an cháin trádála áitiúil (*Gewerbesteuer*). Is beag dreasacht atá sa chóras cánachais chorparáidigh le haghaidh infheistíochta agus nuálaíochta. Roghanna dímheasa a mhéadú go sealadach agus creidmheasanna cánach T&F a thairiscint, mar atá beartaithe sa chomhaontú comhghuaillíochta, féadfaidh siad a bheith ina mbealaí costéifeachtacha chun infheistíocht a spreagadh. Thairis sin, chinn an Rialtas Cónaidhme an ráta cánach ioncaim corparáide a laghdú de réir a chéile faoi chúig phointe céatadáin le linn 2028-2032. Ar an iomlán, tá deis ann úsáid níos mó a bhaint as cánacha comhshaoil agus as cánacha eile nach bhfuil chomh saobhach céanna.

(23) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta tacar fairsing athchóirithe agus infheistíochtaí a threisíonn a chéile agus atá le cur chun feidhme faoi 2026. Meastar go gcuideoidh siad sin ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha, nó ar sciar suntasach de na dúshláin sin. Laistigh den tréimhse ghairid sin, tá sé ríthábhachtach cur chun feidhme éifeachtach an phlean téarnaimh agus athléimneachta, lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU, a thabhairt chun críche chun borradh a chur faoi iomaíochas fadtéarmach na Gearmáine leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach, agus cothroime shóisialta á háirithiú san am céanna. Leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún NextGenerationEU – An bóthar go 2026, a glacadh an 4 Meitheamh 2025, soiléirítear an amlíne is infheidhme maidir le deireadh na Saoráide agus soláthraítear treoraíocht do na Ballstáit chun an cur chun feidhme a uasmhéadú faoin 31 Lúnasa 2026, lena n-áirítear maidir le conas a bpleananna téarnaimh agus athléimneachta a chuíchóiriú a thuilleadh, leagtar amach na príomhroghanna atá le cur san áireamh agus iad á n-athbhreithniú, agus leagtar béim ar a thábhachtaí atá sé pleanáil chomhpháirteach chúramach a dhéanamh roimh ré chun na hiarrataí deiridh ar íocaíocht a chur isteach in 2026. Tá rannpháirtíocht chórasach na n-údarás áitiúil agus réigiúnach, na gcomhpháirtithe sóisialta, na sochaí sibhialta agus páirtithe leasmhara ábhartha eile ríthábhachtach i gcónaí i ndáil le húinéireacht leathan a áirithiú maidir le cur chun feidhme rathúil an phlean téarnaimh agus athléimneachta.

(24) Sa Ghearmáin, tá dlús curtha le cur chun feidhme chláir an bheartais chomhtháthaithe, lena gcuimsítear tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), ón gCiste um Aistriú Cóir (CUAC) agus ó Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+). Tá sé tábhachtach leanúint de na hiarrachtaí chun cur chun feidhme tapa na gclár sin a áirithiú, agus a dtionchar ar an láthair á uasmhéadú ag an am céanna. Tá an Ghearmáin ag gníomhú cheana féin faoina cláir beartais chomhtháthaithe chun borradh a chur faoin iomaíochas agus faoin bhfás agus tá an comhtháthú sóisialta á fheabhsú aici ag an am céanna. Ag an am céanna, tá dúshláin fós le sárú ag an nGearmáin, lena n-áirítear dúshláin a bhaineann le feabhas a chur ar an iomaíochas i gcomhthéacs an aistrithe thionsclaíoch, tithíocht inacmhainne, scileanna, cuimsiú gníomhach chomh maith le hathléimneacht uisce a mhéadú. I gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán (AE) 2021/1060, ceanglaítear ar an nGearmáin – mar chuid den athbhreithniú meántéarma ar chistí an bheartais chomhtháthaithe – gach clár a athbhreithniú agus na dúshláin a sainaithníodh i moltaí tírshonracha 2024, i measc nithe eile, á gcur san áireamh. Leis na tograí ón gCoimisiún a glacadh an 1 Aibreán 2025 ([15]), cuirtear síneadh leis an spriocdháta chun measúnú a chur isteach – le haghaidh gach cláir – ar thoradh an athbhreithnithe mheántéarma tar éis an 31 Márta 2025. Cuirtear ar fáil leo freisin solúbthachtaí chun cuidiú le dlús a chur le cur chun feidhme clár agus dreasachtaí do na Ballstáit acmhainní an bheartais chomhtháthaithe a leithdháileadh ar chúig réimse tosaíochta straitéisí de chuid an Aontais, is iad sin iomaíochas i dteicneolaíochtaí straitéiseacha, cosaint, tithíocht, athléimneacht uisce agus aistriú fuinnimh, agus infheistíocht i scileanna i réimsí tosaíochta, agus, ag an am céanna, fócas á choinneáil ar dhaoine sna staideanna is leochailí de réir chláir CSE+.

(25) Deis atá san Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP) infheistíocht a dhéanamh i gceann de phríomhthosaíochtaí straitéiseacha an Aontais, is é sin iomaíochas an Aontais a neartú. Cuirtear STEP ar fáil trí 11 chiste AE atá ann cheana. Is féidir leis na Ballstáit rannchuidiú leis an gclár InvestEU freisin, clár a thacaíonn le hinfheistíochtaí sna réimsí tosaíochta. D'fhéadfadh an Ghearmáin an leas is fearr a bhaint as na tionscnaimh sin chun tacú le forbairt nó monarú teicneolaíochtaí criticiúla, teicneolaíochtaí atá glan agus tíosach ar acmhainní san áireamh.

(26) Chomh maith leis na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta a dtugtar aghaidh orthu leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus le cistí eile de chuid an Aontais, ba cheart don Ghearmáin aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá fós ann a bhaineann leis an ngá atá le dul i ngleic le scrogaill san infheistíocht agus sa nuálaíocht chomh maith leis an nganntanas géar oibrithe oilte, an digitiú agus an t-aistriú glas. Chuideodh infheistíocht bhreise leis an mbearna infheistíochta coigiltis a laghdú.

(27) Tá nuálaíocht na hearnála príobháidí comhchruinnithe go mór i gcuideachtaí móra agus i réigiúin shonracha. Tá caiteachas T&F ag fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) fós íseal (0,20 % in 2021 i gcomparáid le meán an Aontais de 0,42 %). I ngeall ar an laghdú atá ag teacht ar sciar na FBManna atá i mbun gníomhaíochtaí nuálaíochta, tá an baol ann go gcuirfear moill ar fhás táirgiúlachta agus ar ghlacadh níos leithne teicneolaíochtaí nua. Tá caiteachas poiblí T&F marbhánta freisin le blianta beaga anuas (0,92 % de OTI in 2023, agus 0,90 % in 2015). D'fhéadfadh an timpeallacht nuálaíochta tairbhe a bhaint as tuilleadh maoiniú poiblí don domhainteicneolaíocht agus don nuálaíocht chlaochlaitheach. Tá aschur T&F tite nuair a dhéantar é a thomhas mar sciar de na foilseacháin agus de na hiarratais ar phaitinní is mó a luaitear. Bíonn deacrachtaí ag an tír táirgí rathúla a dhéanamh de thaighde den scoth, go páirteach toisc nach mbreathnaítear ar aistriú eolais mar phróiseas iomlánaíoch leanúnach.

(28) Tá dinimiceas gnó sa Ghearmáin lag, rud a chruthaíonn dúshláin dá claochlú eacnamaíoch, mar a léirítear leis an laghdú atá ag teacht ar an ráta cruthaithe gnó agus le leathnú lag gnó i mbeagnach gach earnáil den gheilleagar. Chun an nuálaíocht a chothú, tá sé ríthábhachtach timpeallacht níos tacúla a chruthú do chruthú, do nuálaíocht agus do leathnú gnó. Tá an maoiniú fós ina phríomhdhúshlán d'fhiontraithe óga, go háirithe do ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnólachtaí atá ag méadú. Ach ról na n-infheisteoirí institiúideacha mar sholáthraithe caipitil a neartú, d'fhéadfaí na margaí caipitil a dhoimhniú agus éifeachtúlacht agus fás infheistíochta a fheabhsú.

(29) Mar a shocraítear sa Chompás Iomaíochais, ní mór do gach institiúid de chuid an Aontais, do gach institiúid náisiúnta agus do gach institiúid áitiúil iarracht mhór a dhéanamh rialacha níos simplí a leagan síos agus cur le luas na nósanna imeachta riaracháin. Tá spriocanna uaillmhianacha leagtha síos ag an gCoimisiún chun an t-ualach riaracháin a laghdú: faoi 25 % ar a laghad agus faoi 35 % ar a laghad i gcás FBManna; agus tá uirlisí nua cruthaithe aige chun na spriocanna sin a bhaint amach, lena n-áirítear tástáil struis chórasach ar stoc reachtaíocht an Aontais agus idirphlé feabhsaithe le páirtithe leasmhara. Chun an uaillmhian sin a chomhlíonadh, ní mór don Ghearmáin beart a dhéanamh freisin. Measann 64 % de ghnólachtaí gur fadhb í castacht na nósanna imeachta riaracháin dá gcuideachta agus iad i mbun gnó sa Ghearmáin ([16]). Is bacainní ríthábhachtacha ar infheistíocht iad maorlathas agus

([15]) Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1058 agus (AE) 2021/1056 a mhéid a bhaineann le bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin straitéiseacha i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma – COM(2025) 123 final.

([16]) *'Businesses' attitudes towards corruption in the EU* [Dearcthaí gnólachtaí i leith an éilithe san Aontas Eorpach] Flais-Tuarascáil, Tuarascáil Eorabharaiméadair (Aibreán 2024).

rialacháin dhochta, agus tuairiscíonn 90 % de ghnólachtaí gur bac é sin. Meastar go bhfuil an t-ualach maorlathach ard agus ag dul i méid, agus áirítear ar na hábhair imní nósanna imeachta fada riaracháin, ceanglais iomadúla iontrála sonraí agus an easpa cumarsáide idir na húdaráis.

(30) Tá iarrachtaí breise déanta ag an nGearmáin feabhas a chur ar dhigitiú a seirbhísí poiblí, ach tá an dul chun cinn maidir lena chur chun feidhme mall. Tá an Ghearmáin chun deiridh ar mheán an Aontais maidir le príomhspriocanna na Deacáide Digití i dtaca le seirbhísí poiblí digiteacha a sholáthar do shaoránaigh. Tá an úsáid a bhaintear as ríomh-shainaitheantas agus as cláir sonraí nasctha le haghaidh seirbhísí poiblí tearcfhorbartha. Tá deacrachtaí ar leith ag baint le soláthar céimneach náisiúnta seirbhísí digiteacha i ngeall ar an easpa cistiúcháin ar an leibhéal bardasach. Is é an toradh atá ar dháileadh na bhfreagrachtaí dlíthiúla agus airgeadais idir leibhéil éagsúla rialtais, cur chun feidhme neamhréireach seirbhísí idir leibhéil chónaidhme, stáit agus bhardasacha, agus tá comhordú agus comhar neamhleor ann ar fud na leibhéal riaracháin. Beidh sé ríthábhachtach leibhéal caighdeánaithe na seirbhísí digiteacha a mhéadú chun athúsáid agus treoir bhreise ón rialtas cónaidhme a éascú ar mhaithe le dlús a chur le soláthar céimneach seirbhísí agus le cur ar chumas na saoránach na seirbhísí sin a ghlacadh ar fud na tíre.

(31) Leanann an Ghearmáin de dhul chun cinn maith a dhéanamh maidir le naisc leathanbhanda snáthoptaice (FTTP) a chur in úsáid, ach bhí leibhéal foriomlán cumhdaigh na tíre (36,8 %) fós ar an dara leibhéal ab ísle san Aontas in 2024. Bhí leibhéal íseal an chumhdaigh leathanbhanda snáthoptaice (33,9 % de theaghlaigh) agus leibhéal na nasc leis an líonra fíor-ardacmhainneachta (45,2 %) fós suntasach i gceantair thuaithe. Déanann na bearnaí sin sa chumhdach dochar d'iomaíochas agus d'fhás táirgiúlachta, go háirithe d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna). Tá sé ríthábhachtach feabhas a chur ar chreatchoinníollacha maidir le cur in úsáid gréasáin, mar shampla trí chumas pleanála agus cur chun feidhme san earnáil phoiblí a mhéadú, chun dlús a chur le cumhdach leathanbhanda snáthoptaice. Chun na spriocanna gréasáin a bhaint amach, d'fhéadfadh an Ghearmáin oibriú ar na nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le hiarratas a dhéanamh ar cheadanna agus le ceadanna a dheonú agus le caighdeánú a dhéanamh ar mhodhanna suiteála eile nach bhfuil chomh fadálach céanna.

(32) Thit infheistíocht tithíochta sa Ghearmáin in 2024 don cheathrú bliain as a chéile, rud a fhágann go meastar go bhfuil ganntanas suas le 600 000 teach ann. Cuireann ganntanas tithíochta leis na dúshláin inacmhainneachta agus tá impleachtaí maicreacnamaíocha aige toisc go gcuireann sé bac ar shoghluaisteacht an lucht saothair. Chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán sin, tá gá le nuálaíocht san fhoirgníocht, le rialacháin chuíchóirithe, le pleanáil níos fearr maidir le húsáid talún agus le naisc iompair níos fearr. Tá an baol ann go ndíspreagfar infheistíocht phríobháideach, a bhfuil géarghá léi, i ngeall ar rialuithe cíosa atá ródhian.

(33) Lean an Ghearmáin de dhul chun cinn a dhéanamh maidir leis an aistriú fuinnimh, go háirithe trí tháirgeadh leictreachais in-athnuaite a mhéadú agus a soláthar gáis a éagsúlú. Mar sin féin, is breoslaí iontaise iad sciar suntasach den mheascán fuinnimh fós. Chun a spriocanna aeráide a bhaint amach, ba cheart don Ghearmáin dlús breise a chur le deireadh a chur de réir a chéile le breoslaí iontaise ar fud na n-earnálacha uile, go háirithe sna hearnálacha tithíochta agus iompair, sin agus tacú ag an am céanna le leathadh amach costéifeachtach an fhuinnimh in-athnuaite.

(34) D'ainneoin an dul chun cinn atá déanta, tá dúshláin struchtúracha fós ann maidir le méideanna nua giniúna fuinnimh in-athnuaite a chomhtháthú go héifeachtúil sa chóras leictreachais. Cuireann plódú eangaí mar gheall ar an neamhréir gheografach idir lárionaid giniúna fuinnimh in-athnuaite agus lárionaid éilimh teorainn le húsáid iomlán an fhuinnimh in-athnuaite agus ardaíonn sé costais an chórais. Leanann an Ghearmáin den obair chun an eangach tarchurtha a leathnú ach ba cheart dlús a chur leis an dul chun cinn chun íosmhéid 70 % den acmhainneacht theicniúil trasteorann atá ar fáil le haghaidh trádála a áirithiú. D'ainneoin na n-iarrachtaí a rinneadh le déanaí chun na críche sin, is dídhreasacht iad táillí eangaí níos airde i réigiúin atá saibhir ó thaobh fuinnimh in-athnuaite de chun an tionscal a lonnú gar do láithreáin ghiniúna. Tá bearta déanta ag an nGearmáin faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta agus faoi bhearta náisiúnta chun dlús a chur le ceadú agus chun tacú le réitigh sholúbthachta. Mar sin féin, bheadh sé tairbhiúil raon feidhme, uaillmhian agus luas na gníomhaíochta a mhéadú chun an eangach leictreachais a leathnú agus a dhigitiú.

(35) Tá astaíochtaí ó na hearnálacha tithíochta agus iompair, a thagann faoi Rialachán an Aontais maidir le Comhroinnt Díchill, suntasach go fóill. Ba cheart don Ghearmáin dlús a chur le gníomhaíocht chun na hearnálacha sin a dhícharbónú d'fhonn a spriocanna aeráide a bhaint amach agus d'fhonn éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú. In earnáil na bhfoirgneamh, leathnaigh an Ghearmáin a bearta rialála agus airgeadais, ach tá gá le tuilleadh iarrachtaí trasearnálacha maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, lena n-áirítear laghduithe ar thomhaltas fuinnimh phríomhúil, chun a spriocanna do 2030 a bhaint amach. In earnáil an iompair, tá méadú ag teacht ar ghlacadh feithiclí ceallra-leictreacha, le tacaíocht ó fhóirdheontais agus ó dhreasachtaí fioscacha. Mar sin féin, ní leor an dul chun cinn

atá déanta go fóill, go háirithe maidir leis an mbonneagar athluchtúcháin a leathnú de réir mar is gá. Tá gá freisin le hinfheistíocht in uasghrádú agus i leathnú an ghréasáin iarnróid chun tacú le haistriú módach ón mbóthar go dtí an t-iarnród, go háirithe iompar lasta, áit a bhfuil ceannas ag an mbóthar. D'ainneoin bearta leanúnacha arna gcistiú faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus tionscnaimh náisiúnta eile, tá moilleanna suntasacha fós le sárú ag mórthionscadail iarnróid.

(36) Tá ganntanais lucht saothair oilte ina mbac suntasach ar an bhfás, ar an táirgiúlacht, ar an aistriú digiteach agus ar an aistriú glas. Go luath in 2025, bhí tionchar ag ganntanais lucht saothair ar thart ar aon trian de na cuideachtaí a tuairiscíodh agus tá an ráta folúntais fós os cionn mheán an Aontais. Cé go bhfuil an ráta fostaíochta ard, tá na huaireanta an chloig a oibrítear ar an meán i measc na n-uaireanta is ísle san Aontas agus tá siad ag laghdú i gcónaí. Is measa an ganntanas lucht saothair i ngeall ar easpa scileanna. Mar shampla, níl bunscileanna digiteacha ar a laghad ach ag beagán os cionn leath na ndaoine fásta uile, méid atá i bhfad faoi bhun sprioc náisiúnta na Deacáide Digití faoi 2030, is é sin 80 %. Dá bhrí sin, tá ganntanais lucht saothair an-ghéar sna hearnálacha cúraim agus TF, in earnáil na tógála, agus i ngairmeacha eolaíocha agus teicniúla. Déanann ganntanais lucht saothair difear freisin d'earnálacha atá ríthábhachtach don aistriú glas, cuir i gcás soláthar uisce, séarachas, bainistiú dramhaíola agus fuinneamh. Ar deireadh, tá acmhainneacht neamhshaothraithe ann chun daoine tréitheacha a mhealladh agus a choinneáil, mar shampla trí dhlús a chur le nósanna imeachta riaracháin maidir le himirce lucht saothair.

(37) Cuireann torthaí oideachais ísle atá ag dul in olcas, go háirithe i measc grúpaí faoi mhíbhuntáiste, agus líon suntasach daoine a fhágann an scoil go luath leis an nganntanas lucht saothair oilte. De réir Chlár Idirnáisiúnta ECFE um Measúnú Daltaí (PISA), tá laghdú tagtha ar sciar na ndaltaí ardfheidhmíochta, agus tháinig méadú faoi dhó beagnach ar sciar na ndaltaí tearcghnóthachtálaithe le deich mbliana anuas. Tuairim agus 3 agus gach 10 mac léinn óga sa Ghearmáin, níl íosleibhéal inniúlachta sa mhatamaitic acu, agus níl íosleibhéal inniúlachta ag 1 as gach 4 sa léitheoireacht ná san eolaíocht. Tá méadú tagtha ar thionchar na gcúlra socheacnamaíoch agus imirceach ar thorthaí oideachais ó bhí torthaí PISA 2018 ann.

(38) Ach oideachas agus cúram luath-óige (ECEC) agus scoileanna lánlae ar ardchaighdeán a neartú, d'fhéadfaí cúramóirí, ar mná iad go minic, a fhostú ar bhonn lánaimseartha agus a chumasú a thuilleadh, chomh maith le comhdheiseanna do gach leanbh a chur chun cinn. Oibríonn leath na bhfostaithe baineanna go páirtaimseartha, ceann de na leibhéil is airde san Aontas. Aire a thabhairt do leanaí agus do ghaolta scothaosta, is minic gurb é sin is cúis le bheith ag obair go páirtaimseartha, rud atá á spreagadh go páirteach ag bearna i soláthar oideachais agus cúraim luath-óige solúbtha ar ardchaighdeán agus scoileanna lánlae. Is féidir le rochtain ar oideachas agus cúram luath-óige ar ardchaighdeán agus scoileanna lánlae cuidiú freisin le míbhuntáistí i ngeall ar chúlra socheacnamaíoch agus easnaimh teanga a mhaolú. Faoi láthair, tá leanaí ó theaghlaigh níos saibhre cláraithe in oideachas agus cúram luath-óige ag beagnach dhá oiread ráta a bpiaraí nach bhfuil chomh saibhir céanna.

(39) I bhfianaise na ndlúth-idirnasc idir geilleagair Bhallstáit an limistéir euro, agus a rannchuidithe chomhchoitinn le feidhmiú an aontais eacnamaíoch agus airgeadais, in 2025 mhol an Chomhairle go ngníomhódh Ballstáit an limistéir euro, trína bpleananna téarnaimh agus athléimneachta i measc rudaí eile, chun Moladh 2025 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro a chur chun feidhme. I gcás na Gearmáine, cuidíonn moltaí (1), (2), (3), (4) agus (5) le cur chun feidhme an chéad mholta maidir leis an limistéar euro i dtaca le hiomaíochas, cuidíonn moltaí (1), (3), (4) agus (5) le haghaidh a thabhairt ar an dara moladh maidir leis an limistéar euro i dtaca le hathléimneacht, agus cuidíonn moladh (1) le cur chun feidhme an tríú moladh maidir le cobhsaíocht mhaicreacnamaíoch agus airgeadais a leagtar amach i Moladh 2025.

AG MOLADH LEIS SEO go ngníomhódh an Ghearmáin in 2025 agus in 2026 chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. Caiteachas agus ullmhacht fhoriomlán i réimse na cosanta agus na slándála a threisiú, agus an inbhuanaitheacht fiachais á háirithiú ag an am céanna agus i gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 6 Márta 2025. An plean fioscach-struchtúrach meántéarmach a chur isteach faoi dheireadh mhí Iúil 2025, mar atá beartaithe. I gcomhréir le riachtanais an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis athchóirithe, srian a chur ar an bhfás i nglanchaiteachas in 2025 agus 2026 go ráta atá comhsheasmhach leis an bhfiachas rialtais ghinearálta a chur ar chonair íslitheach shochreidte sa mheántéarma agus leis an easnamh rialtais ghinearálta a choinneáil faoi bhun 3 % de luach tagartha an Chonartha maidir le OTI, sin agus úsáid a bhaint as an liúntas faoin gclásal éalaithe náisiúnta le haghaidh caiteachas cosanta níos airde. Infheistíocht phoiblí a neartú trí dhul i ngleic leis na scrogaill a bhaineann le pleanáil agus cur i bhfeidhm ar gach leibhéal rialtais. Feabhas a chur ar cháilíocht an airgeadais phoiblí trí srian a chur ar aistrithe ón mbuiséad cónaidhme chuig córas na bpinsean agus trí athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtúlacht an chaiteachais phoiblí. Inbhuanaitheacht fhadtéarmach chóras na bpinsean a chosaint, agus leordhóthanacht pinsean á coinneáil ar bun, lena n-áirítear trí shaol oibre níos faide a chur chun cinn agus trí na dreasachtaí le dul ar luathscor a laghdú. Feabhas a chur ar an meascán cánach chun tacú le fás níos cuimsithí agus iomaíochas inbhuanaithe, lena n-áirítear trí laghdú a dhéanamh freisin ar dhídhreasachtaí chun uaireanta an chloig oibrithe a mhéadú, go háirithe don dara duine sa teaghlach atá ag tuilleamh.

2. I bhfianaise na sprioc-amanna is infheidhme chun athchóirithe agus infheistíochtaí a thabhairt chun críche go tráthúil faoi Rialachán (AE) 2021/241, cur chun feidhme éifeachtach an phlean téarnaimh agus athléimneachta a áirithiú, lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU. Dlús a chur le cur chun feidhme chláir an bheartais comhtháthaithe (CFRE, CUAC agus CSE+), agus, i gcás inarb iomchuí, na deiseanna a chuirtear ar fáil leis an athbhreithniú meántéarma a thapú agus dul chun cinn a dhéanamh dá réir. An úsáid is fearr is féidir a bhaint as ionstraimí an Aontais, na deiseanna a chuirtear ar fáil le clár InvestEU agus leis an Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip san áireamh, chun cur leis an iomaíochas.

3. Borradh a chur faoin nuálaíocht trí thráchtálú taighde a éascú agus trí mhaoiniú poiblí a mhéadú le haghaidh nuálaíocht chlaochlaitheach. Éagsúlú an gheilleagair agus dinimiceas gnó a éascú, agus borradh a chur faoin infheistíocht phríobháideach trí thacú leis an bhfiontraíocht, rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú do ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnólachtaí atá i mbun fáis, rialáil a shimpliú, agus an t-ualach riaracháin a laghdú. Dlús a chur le digiteáil an riaracháin phoiblí, lena n-áirítear trí chumhdach geografach na seirbhísí poiblí digiteacha a mhéadú agus an comhar idir leibhéil rialtais a éascú. Dlús a chur le leathadh amach líonraí cumarsáide digití fíor-ardacmhainne, próiseas a mbeidh baint ag an earnáil phríobháideach leis freisin. Feabhas a chur ar na coinníollacha le haghaidh infheistíochtaí tithíochta trí rialáil agus nósanna imeachta a shimpliú, athbhreithniú a dhéanamh ar an dlí cíosa agus talamh tógála breise a shlógadh, agus é mar aidhm an tráth céanna dul i ngleic leis na dúshláin inacmhainneachta tithíochta.

4. Méid foriomlán an spleáchais ar bhreoslaí iontaise a laghdú a thuilleadh agus leathnú an fhuinnimh in-athnuaite a éascú. Infheistíocht a dhíriú ar chórais fuinnimh éifeachtúla agus chomhtháite, lena n-áirítear tríd an líonra leictreachais a uasghrádú, leathnú agus solúbthacht chostéifeachtach a áirithiú chun tacú le comhtháthú fuinnimh in-athnuaite agus chun oiriúnú don éileamh agus don soláthar luaineach d'fhonn freastal ar riachtanais mhéadaithe chothromúcháin. Dlús a chur leis an bpróiseas chun na hearnálacha foirgneamh agus iompair a dhícharbónú, lena n-áirítear tríd an ngréasán iarnróid a uasghrádú.

5. An soláthar saothair a mhéadú agus dul i ngleic leis an nganntanas oibrithe oilte, go háirithe trí uaireanta an chloig oibrithe a mhéadú, trí scileanna bunúsacha, glasa agus digiteacha a neartú agus trí dhaoine tréitheacha ó thíortha nach Ballstáit den Aontas iad a mhealladh agus a choinneáil ar bhealach níos fearr. Feabhas a chur ar thorthaí oideachais, lena n-áirítear trí bharr feabhais a chur chun cinn agus tacaíocht spriocdhírithe a chur ar fáil do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste. Feabhas a chur ar infhaighteacht agus ar chaighdeán oideachais agus cúraim luath-óige agus scoileanna lánlae chun cúramóirí, ar mná iad go minic, a spreagadh chun obair a dhéanamh agus chun comhdheiseanna a chur chun cinn do gach leanbh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Iúil 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

S. LOSE